

COMHAIRLE CONTAE  
DHÚN LAOGHAIRE~  
RÁTH AN DÚIN

Fodhlíthe arna ndéanamh

faoi alt 72  
d'Acht na mBóithre, 1993

a bhaineann le rialú  
Scipeanna ar Bhóithre Poiblí.



**COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN**

**FODHLÍTHE**

**faoi**

**ACHT na mBÓITHRE, 1993**

Fodhlíthe arna ndéanamh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin, tar éis comhairliú le Coimisinéir an Gharda Síochána ar an 1ú lá Nollaig, 1998 faoi alt 72 d’Acht na mBóithre, 1993 a bhaineann le rialú Scipeanna ar Bhóithre Poiblí.

## Cuid I

### Réamhráiteach

- Gearrtheideal*** 1. Féadfar Fodhlíthe Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin um rialú Scipeanna a ghairm de na fodhlíthe seo.
- Tosach feidhme na bhfodhlíthe*** 2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 1ú Lá Nollaig , 1998.
- Sainmhínte.*** 3. Sna fodhlíthe seo, mura luafar a mhalairt go soiléir, sannfar brí na bhfocal seo faoi seach mar a leanas, is é sin le rá:

Ciallaíonn “Duine Údaraithe” –

(a) Oifigeach de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin údaraithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

nó

(b) ball den Gharda Síochána;

Ciallaíonn “rian rothar” bóthar poiblí nó bóthar poiblí beartaithe atá coimeádta d’úsáid eisiach rothaithe cos **agus/nó** rothar cos agus coisithe,

ciallaíonn “cosán” bóthar **thar** a bhfuil ceart slí poiblí do choisithe amháin, ach nach bealach coisithe atá ann.

ciallaíonn “bealach coisithe” an chuid sin de bhóthar ar bith a bhaineann le ród atá soláthartha go príomha do choisithe.

ciallaíonn “bóthar poiblí” bóthar ar a bhfuil ceart slí poiblí agus a bhfuil údarás bóithre freagrach as a chothabháil.

sannfar brí “bóthar” de réir Acht na mBóithre, 1993

ciallaíonn “ród” an chuid de bhóthar atá soláthartha go príomha do fheithiclí;

ciallaíonn “intlís bóthair” aon chuid de bhóthar atá suite go logánta laistiar dá ghnáthlíne;

ciallaíonn “scipe” ártach a úsáidtear le hábhar tógálaithe, brabhlach, barraíl, bruscar nó aon ábhar eile a choimeád roimh dhiúscairt agus atá deartha le hiompar de ghnáth ag feithicil innealghluaiste (mar atá sainmhínithe in Acht 1961);

ciallaíonn “oibreoir scipeanna” duine a fhrúilíonn scipeanna do dhaoine eile nó gur úinéir gnólachta fruilithe scipeanna é nó go n-oibríonn sé gnólacht fruilithe scipeanna.

4. Baineann na fodhlíthe seo le limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
5. Cúlghairtear leis seo Alt 44 (2) de Fhodhlíthe Tráchta agus Páirceála Cheantar Bhaile Átha Cliath, 1986.

## Cuid II

### Toirmisc, Teorainneacha agus Coinníollacha a bhaineann le Scipeanna a Shuí ar Bhóithre Poiblí

#### *Codanna de Bhóithre Poiblí nach gceadaítear scipeanna a shuí orthu ag am ar bith.*

6. Ní cheadaítear scipe a chur ná ní ligtear scipe a fhágáil ar bhóthar poiblí ag am ar bith
  - (a) ag stad tacsaithe;
  - (b) in áit nó i suíomh nó ar bhealach ar bith, a **bhféadfadh** dá bharr go gcuirfeadh an scipe cosc, moill nó bac ar bhealach isteach nó ar bhealach amach stáisiúin dóiteáin nó stáisiúin otharchairr nó ospidéal nó stáisiúin gardaí nó stáisiúin traenach.
  - (c) in áit nó i suíomh nó ar bhealach ar bith, a **bhféadfadh** dá bharr go gcuirfeadh an scipe cosc, moill nó bac ar bhealach isteach feithicil go háitreabh ach amháin sa chás go gceadaíonn fruilitheoir an scipe arb é féin áititheoir an áitribh é.
  - (d) ar thrasrian coisithe, nó ag soilse tráchta coisithe nó laistigh de 15 méadar (ar thaobh an bhealaigh chuige), nó 5 mhéadar (ar thaobh eile seachas taobh an bhealaigh chuige), de thrasrian coisithe nó de shoilse tráchta coisithe nó ar chuid ar bith eile de choimpléasc trasrian coisithe.
  - (e) laistigh de 40 méadar (ar thaobh an bhealaigh chuige), nó 10 méadar (ar thaobh eile seachas taobh an bhealaigh chuige) d’acomhal faoi rialú comharthaí;
  - (f) go hiomlán nó go páirteach ar stiall mheánlíne
  - (g) in áit ar bith, i dtuairim Duine Údaraithe, go gcothófaí baol d’úsáideoir bóithre nó do bhall den phobal .

- (h) in áit ar bith arna thoirmeasc ag Duine Údaraithe
- (i) ar rian rothar;
- (j) ag stad bus.

***Codanna de Bhóithre Poiblí a bhfuil srian nó cosc le scipeanna a shuí orthu ag amanna áirithe, nó a bhfuil faomhadh scríofa roimh ré ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin riachtanach ina leith.***

7. Ní cheadaítear scipe a chur ná a fhágáil ar bhóthar poiblí -
- (a) ar chuid atá ina limistéar corrrthrádála le linn amanna trádála;
  - (b) ar ghlanbhealach le linn tréimhsí a bhfuil an glanbhealach i bhfeidhm;
  - (c) ar lána bus le linn tréimhsí a bhfuil an lána bus i bhfeidhm;
  - (d) in áit ar bith arna thoirmeasc ag Duine Údaraithe

***Codanna de bhealaí coisithe nach gceadaítear scipeanna a shuí orthu ag am ar bith***

8. Ní cheadaítear scipe a chur nó a fhágáil ar bhealach coisithe poiblí ag am ar bith -
- (a) nuair is lú ná 1.8 méadar an leithead iarmharach de bhealach coisithe atá ar fáil do choisithe.
  - (b) in áit ar bith, i dtuairim Duine Údaraithe, a gcothófaí baol.

***Codanna de bhealaí coisithe ar a bhfuil srian le scipeanna a shuí ag amanna áirithe***

9. Ní cheadaítear scipe a chur, a bhaint nó a líonadh ar bhealach coisithe poiblí –
- (a) atá buailte le glanbhealach nó le lána bus le linn tréimhsí feidhme an ghlanbhealaigh nó an lána bus sin.

***Coinníollacha maidir le suí scipeanna agus lena méid, marcanna agus modhnuithe***

10. (1) Ní mór do gach scipe a shuitear nó a fhágtar ar bhóthar poiblí -

(a) marcanna cothrománacha frithchaiteacha, atá feiceálach go soiléir ag lucht úsáidte bóthar, a bheith greamaithe de-

(i) atá ar a laghad 150 milliméadar ar airde, agus

(ii) a shíneann fad iomlán gach taoibh, timpeall is leath bealaigh idir barr agus bun an scipe; agus

(b) ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus uimhir cheadúnais an oibreora scipeana a bheith marcáilte ar gach taobh i litreacha soiléire, soléite, doscriosta atá ar a laghad 125 milliméadar ar airde agus

(c) gan é a bheith péinteáilte i ndath ar bith a laghdódh a infheictheacht istoíche; agus

(2.) Ní cheadaítear scipe a shuitear nó a fhágtar ar bhóthar poiblí nó ar bhealach coisithe a bheith níos gaire ná 1 méadar do lintéar draenála.

(3.) Ní mór scipe a shuitear ar ród a shuí ionas go mbeidh na taobhanna is faide den scipe comhthreomhar nó ionann is comhthreomhar leis an gcolbha agus an neastaobh nó an taobh laistigh a bheith 225 milliméadar ar a mhéid ó aghaidh an cholbha ach gan bac a chur ar an gcainéal draenála nach mór a choinneáil glan ag gach am ar chartadh nó ar dhramhaíl atá á lódáil.

(4.) Ní mór scipe atá suite ar bhealach coise nó ar chiumhais a shuí ionas go mbeidh na taobhanna is faide den scipe comhthreomhar nó ionann is comhthreomhar leis an gcolbha agus an taobh amuigh nó an taobh deas a bheith 225 milliméadar ar a mhéid ó imeall aghaidh an cholbha.

(5.) Ní mór d'oibreoirí scipeanna a dheimhniú nach lódáiltear aon scipe níos airde ná pointe a bheidh 1 méadar os cionn imeall uachtarach an scipe agus go mbeidh an coinníoll seo san áireamh in aon chonradh fruilithe scipe ag tríú páirtí.

(6.) Ní mór d'oibreoirí scipeanna a dheimhniú nach n-úsáidtear scipeanna chun aon ábhar guaiseach nó díobhálach a dhiúscairt agus go mbeidh an coinníoll seo san áireamh in aon chonradh fruilithe scipe ag tríú páirtí.

(7.) Ní mór d'oibreoirí scipeanna a dheimhniú go soláthrófar clúdach daingean le gach scipe a chuirfear in áit ag

amanna a bhfuil an scipe lódáilte go hiomlán agus nuair atá an scipe lódáilte á iompar.

(8.) Ní mór d'oibreoirí scipeanna a dheimhniú go mbaintear scipeanna -

(a) laistigh de 24 uair an chloig de bheith lódáilte go hiomlán;

(b) laistigh de 2 uair an chloig d'iarratas éigeandálach ó Dhuine Údaraithe go mbainfí an scipe.

(9.) Is ceadmhach do Dhuine Údaraithe teorainn a chur le toilleadh, nó le toisí – fad agus/nó leithead scipe ag suíomh ar leith. Comhlíonfar aon ordú ó Dhuine Údaraithe scipe a bhaint nó scipe níos lú a chur ina ionad laistigh de 24 uair an chloig nó laistigh d'am ar bith níos giorra ná sin a d'ordófaí nach lú ná 2 uair an chloig.

(10.) Is ceadmhach do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nó dá ngníomhairí aon scipe nach mbaintear de réir alt (8) nó (9) thuas a bhogadh agus/nó a bhaint. I gcásanna dá leithéid déanfar an costas iomlán maidir le:

(a) lódáil agus/nó dílódáil;

(b) dumpáil an inneachair;

(c) iompar agus stóráil an scipe/na scipeanna agus

(d) gach costas riaracháin agus aon chostais eile a

ghearradh ar an oibreoir de réir na dtáillí atá leagtha amach i Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Aistriú, Stóráil agus Diúscairt Feithiclí) 1983 go 1991.

(11.) Ní cheadaítear aon ghné i ndearadh scipe a d'fhéadfadh guais nó díobháil a chothú don phobal. Is ceadmhach do Dhuine Údaraithe mionathruithe a ordú ar aon scipe más amhlaidh go bhféadfadh guais don phobal tarlú i dtuairim an Duine Údaraithe agus caithfear cloí leis an ordú sin.

(12.) Nuair a thugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ordú mionathraithe ní ceadmhach don oibreoir scipeanna an scipe atá le mionathrú ná aon scipe cosúil leis a fhágáil laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go dtí go gcuirtear na mionathruithe sábháilteachta riachtanacha i gcrích chun sásachta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

### Cuid III

#### Ceadúnú Oibreoirí Scipeanna

##### *Riachtanais i leith ceadúnais*

11. Ní mór ceadúnas bailí arna eisiúint ag Rannóg Bóithre agus Tráchta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheith ag gach oibreoir scipeanna a sholáthraíonn scipeanna le fruiliú agus/nó le húsáid ar bhóithre poiblí. Tréimhse bliana amháin a bheidh ag ceadúnais agus ní mór ceadúnas a athnuachan laistigh de bhliain amháin óna dháta eisiúna nó a dháta deiridh athnuachana. Beidh aon oibreoir gan cheadúnas faoi dhliteanas ionchúisimh agus ní ceadmhach dó aon scipeanna a shuí ar bhóithre poiblí, ar bhealaí coise ná ar chosáin laistigh de limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

##### *Coinníollacha ceadúnais*

12. (1) Is féidir ceadúnas bliantúil a eisiúint d'oibreoir scipeanna faoi réir -

(a) An táille bliantúil cuí de €634 a íoc leis an Rannóg Bóithre agus Tráchta.

(b) Polasaí bailí reatha Dliteanais Phoiblí le comhlacht árachais formheasta a bheith ag an oibreoir scipeanna le linn na tréimhse ceadúnaithe a shlánaíonn é féin agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go hiomlán i gcoinne gach éileamh ó thrú páirtithe. Is é an teorainn slánaíochta ná €6,348,690 ar a laghad i leith timpiste amháin ar bith.

(c) An t-oibreoir scipeanna an t-eolas seo a leanas a sholáthar:.

Ainm na Cuideachta  
Seoladh na Cuideachta  
Uimhreacha teileafóin agus facs sa ló  
Seoladh agus uimhir facs istoíche  
Ainm teagmhála sa ló agus istoíche

(d) An t-oibreoir scipeanna Ráiteas Sábháilteachta a sholáthar



### *Athnuachan ceadúnais*

- (2.) Is féidir ceadúnas a athnuachan faoi réir-
- (a) an táille thuasluaite in alt (1) (a) a íoc
  - (b) Árachas mar a éilítear in alt (1) (b) thuas a bheith ag an oibreoir, agus
  - (c) na coinníollacha seo thíos a bheith comhlíonta go sásúil an bhliain roimhe sin-
    - (i) na fodhlíthe seo
    - (ii) na coinníollacha ceadúnais sonraithe agus
    - (iii) alt 72 de Acht 1993

### *Diúltú ceadúnais*

(3.) Is féidir le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin diúltú ceadúnas a athnuachan más rud é le linn na tréimhse ceadúnais roimhe sin-

- (i) nár comhlíonadh aon mhír in alt (2) thuasluaite
- (ii) go bhfuil líon agus cineál na bhFógraí Sáraithe a eisíodh le linn na tréimhse ceadúnaithe roimhe sin míshásúil i dtuairim Dhuine Údaraithe.

## **Cuid IV**

### **Coireanna agus Ilghnéitheach**

### *Feidhm Duine Údaraithe*

13. Is féidir le Duine Údaraithe -

(a) scipe a sháraíonn na fodhlíthe seo a bhaint nó a athsuí

(b) in ainneoin fhorálacha na bhfodhlíthe seo, nó ceadúnais a eisíodh fúthu, scipe a mheasann sé a bheith ina ghuais thromchúiseach agus láithreach do dhaoine ag úsáid bóthair phoiblí, a bhaint nó a athsuí.

### ***Fógraí sáraithe***

14. Nuair a bhreithníonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha ceadúnais nó na bhfodhlíthe seo tá sé d'acmhainn aici Fógraí Sáraithe a eisiúint a shainíonn-

(a) cineál an neamhchomhlíonta líomhnaithe; agus

(b) na bearta leasúcháin nach mór a chur i bhfeidhm láithreach.

(b) go mbreithneofar líon agus cineál na bhFógraí Sáraithe a eisíodh i leith oibreoir scipeanna nuair a chinnfear go n-athnuafar nó nach n-athnuafar ceadúnas an oibreora sin.

### ***Sáruiithe fodhlíthe***

15. Faoi Alt 72 (6) d'Acht na mBóithre, 1993, measfar na fodhlíthe seo mar fhodhlíthe piónósacha agus beidh aon duine a sháraíonn iad ciontach i gcion. An té a fhaightear ciontach i gcion faoi na fodhlíthe seo, ar é a chiontú go hachomair, dlífead fíneáil nach mó ná €12,700, nó, de rogha na cúirte, príosúntacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúntacht sin le chéile, a chur air.

16. I gcás go ndiúltaítear ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan ní bheidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin dlite ar bhealach ar bith d'aon éilimh, airgid srl., a tharlóidh go díreach nó go hindíreach de bharr diúltú ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan.

---

**I LÁTHAIR** nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala  
**CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN**  
**LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN de seo**

---

Cathaoirleach Chomhairle Contae  
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

---

Oifigeach Faofa

---

Oifigeach Comhairle Contae  
Halla an Chontae, Dún Laoghaire

**ARNA SHÍNIÚ, ARNA SHÉALÚ AGUS ARNA  
SHEACHADADH**

Ag an ..... sin  
I láthair:-